2025/1185

12.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1185 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 11 Meitheamh 2025

lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2025. Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2031.

(2) Ós amhlaidh atá, moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarmaí oifige Maja BRKAN, Jörgen HETTNE, Danutė JOČIENĖ, Damjan KUKOVEC, Johannes LAITENBERGER agus Gabriele STEINFATT mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta.

(3) De bhreis ar sin, ainmníodh Raffaella PEZZUTO mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta den chéad uair.

(4) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2031:

— Maja BRKAN,

— Jörgen HETTNE,

— Danutė JOČIENĖ,

— Damjan KUKOVEC,

— Johannes LAITENBERGER,

— Raffaella PEZZUTO,

— Gabriele STEINFATT.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meitheamh 2025.

An tUachtarán

A. BARTOL